

Is mar chuid de shraith aonad a pléadh sa seimineár gréasáin, *Pleanáil don Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Cur Chuige Scoil Amháin*, a forbraíodh an t-aonad seo, a bhfuil taifeadadh de ar fáil ag: www.jct.ie/math/planning_resources.

Triú Bliain

Coincheap:	Coibhneasa agus AthrógaVI Forbairt ar an tuiscint i dtaca le patrúin, coibhneasa agus an bhrí atá ag feidhm mhatamaiticiúil
Comhthéacs an Scoláire:	Scolairi tríú bliain, athróga spleácha agus neamhspleácha, léirithe iolracha, rannpháirtíocht rialta le fadhbanna a chur agus fadhbanna a fhuascailt agus úsáid ginearálú ailgéabrach chun léiriú a thabhairt ar chásanna a spreagtar ag an gcuraclam agus ag an bhfíorshaol
Torthaí Foghlama:	AF7 (c), (d), AF4 (a), (b), (d), AF6, CT1, CT2 (a), (b), (c), (d), (e), U3 (b), CT4, CT 5 (b), (c) Torthaí Foghlama ón snáithe Aontaitheach agus is é an múinteoir ranga a chinnefidh orthu.
Príomhfhoghlaim:	<ul style="list-style-type: none"> • Tuigeann scoláirí gur coibhneas é feidhm ina mbíonn luach athróige ag brath ar athróg amháin nó níos mó agus go ngeineann luachanna áirithe don athróg neamhspleách toradh amháin agus go díreach toradh amháin don athróg neamhspleách (Watson <i>et al</i> 2013) <i>Féach freisin leathanach 41 de Shiollabas reatha an AT: tugadh tús eolais go foirmiúil do scoláirí ar choincheap na feidhme mar rud lena mbaineann tacar ionchur, tacar aschur féideartha agus riail a shannann aschur amháin do gach ionchur</i> • Tuigeann scoláirí gur féidir coibhneasa cainníochta a léiriú mar fheidhmeanna d'fhonn: <ul style="list-style-type: none"> ○ Fadhbanna a fhoirmiú agus a mhatamaiticiú ○ Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go cruinn, lena n-áirítear réasúnú, torthaí a léirmhíniú agus conclúidí a mhíniú ○ Fadhbanna matamaitice a réiteach i gcomhthéacsanna coitianta agus neamhchoitianta • A thuiscint go mbíonn láidreachtaí agus srianta ag léirithe difriúla, ina measc: • D'fhéadfadh meastachán a bheith ag teastáil ó ghraif ach ligeann siad dúinn tréithe tábhachtacha a aithint ar nós an phointe is airde nó an chuid is géire • Ligeann táblaí dúinn luachanna aschuir a fheiceáil láithreach ach go díreach ar son líon teoranta luachanna ionchuir • Ligeann cothromóidí dúinn aschuir a ríomh go cruinn do gach ionchur, ach go díreach ceann amháin ag an am • A thuiscint gur féidir le láidreachtaí agus le srianta léirithe difriúla cuidiú linn straitéisí cuí réiteach fadhbanna a roghnú agus a chosaint
Measúnú Leanúnach	An féidir le scoláirí aistriú go réidh idir na léirithe matamaiticiúla? An féidir le scoláirí idirdhealú idir úsáid foirmlí sonraithe mar uirlisí ríomha agus foirmlí sonraithe mar fheidhmeanna? An féidir le scoláirí aistriú idir athróg agus anaithnid shocraithe i gcomhthéacs?
Eispéireas Foghlama	
Notáí/Machnamh	